2025/587

24.4.2025

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 264/2024

## an 6 Nollaig 2024

## lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) agus Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2025/587]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2024/1314 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh déthianóin i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán (AE) 2024/1318 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh próitiaconasóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bheatha agus le hábhair bhia a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí tréidliachta, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I agus sa réamhrá i gCaibidil XII d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 40 (Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil II d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘— **32024 R 1314**: Rialachán (AE) 2024/1314 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2024 (IO L, 2024/1314, 16.5.2024),

— **32024 R 1318**: Rialachán (AE) 2024/1318 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2024 (IO L, 2024/1318, 16.5.2024).’

### *Airteagal 2*

Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 54zzy (Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XII d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘— **32024 R 1314**: Rialachán (AE) 2024/1314 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2024 (IO L, 2024/1314, 16.5.2024),

— **32024 R 1318**: Rialachán (AE) 2024/1318 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2024 (IO L, 2024/1318, 16.5.2024).’

([1]) OJ L, 2024/1314, 16.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1314/oj.
([2]) OJ L, 2024/1318, 16.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1318/oj.

*Airteagal 3*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1314 agus (AE) 2024/1318 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Nollaig 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Nollaig 2024.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Anders H. EIDE

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.